Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10980/24**

**JAI 992**
**COPEN 311**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10253/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle dar teideal ‘An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac: Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe a chur ar bun’ |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 13-14 Meitheamh 2024, d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) sraith conclúidí ón gComhairle dar teideal ‘An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac: Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe a chur ar bun’. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d’fhormheas an Chomhairle é.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**'An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac:**

**Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe a chur ar bun'**

## Réamhrá

### An tsaincheist ghinearálta

1. Is bagairt mhór í an choireacht eagraithe, lena n-áirítear an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'institiúidí na hEorpa, agus do gheilleagar na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát freisin. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann grúpaí coireachta eagraithe as foréigean tromchúiseach, insíothlú an gheilleagair dhleathaigh agus éilliú, rud a chreimeann an smacht reachta agus a chuireann bunphrionsabail ár sochaithe daonlathacha i mbaol.

2. Is é is aidhm do Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025[1] forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a threisiú, dul i ngleic le struchtúir na coireachta eagraithe agus le coireanna ardtosaíochta, deireadh a chur le brabúis choiriúla agus a áirithiú go dtabharfaí freagairt nua-aimseartha ar fhorbairtí teicneolaíochta. Is iad Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025[2] agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025[3] an creat polaitiúil uileghabhálach maidir leis an mbeartas drugaí. Is cur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite, cothromaithe agus ildisciplíneach atá acu i ndáil le feiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. I ndoiciméad a eisíodh níos déanaí, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Treochlár an Aontais Eorpaigh chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[4], leagtar amach gníomhaíochtaí chun athléimneacht na mol lóistíochta a neartú, lena n-áirítear trí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, maidir le líonraí coiriúla ardriosca a dhíchóimeáil agus maidir le comhar idirnáisiúnta.

---

[1] 8085/21 + ADD1

[2] Straitéis Drugaí an Aontais 2021-2025: IO C 102I, 24.3.2021, lch. 1

[3] Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025: IO C 272, 8.7.2021, lch. 2

[4] 14114/23

3. Ar bhonn an chreata sin, agus i bhfianaise staid fhadhb na ndrugaí atá ag éirí níos tromchúisí i gcónaí, tá géarghá le gníomhaíochtaí éifeachtacha chun an choireacht eagraithe a bhaineann le drugaí a chomhrac, mar chuid d'iarracht chomhoibríoch ó Bhallstáit, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus mar chuid de chur chuige ilghnéitheach. Tugtar aghaidh sna conclúidí seo ar na gnéithe de na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le líonra breithiúnach tiomnaithe a chur ar bhun chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn i dtaca leis an gcoireacht eagraithe.

**An comhar breithiúnach**

4. Is minic a chuimsíonn líonraí coiriúla agus a ngníomhaíochtaí aindleathacha dlínsí éagsúla. Chun na líonraí coiriúla agus a samhlacha gnó a chomhrac ar fud an Aontais, ní mór do na húdaráis bhreithiúnacha a gcomhar agus a gcomh-mhalartú faisnéise a neartú ar fud na mBallstát uile. Tá ról tábhachtach ag Eurojust sa chomhthéacs sin agus é ag tacú leis an gcomhordú agus an comhar idir údaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach, agus an comhordú agus an comhar sin á neartú aige.

5. D'fhéadfaí an comh-mhalartú faisnéise agus an comhar idir údaráis bhreithiúnacha maidir le himscrúduithe casta trasteorann i dtaca leis an gcoireacht eagraithe a neartú a thuilleadh trí líonra breithiúnach d'ionchúisitheoirí speisialaithe ó na Ballstáit a chruthú; líonra a dhéanfaí a chomhordú le Eurojust, leis an nGréasán Bhreithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla (EJN) agus le páirtithe leasmhara eile agus lena dtógfaí ar a gcuid oibre siúd. Le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil aireachta an 26 Eanáir 2024, chuir airí dlí agus cirt na mBallstát in iúl go soiléir go dtacaíonn siad leis an smaoineamh sin.

6. Ach na huirlisí agus na hacmhainní iomchuí agus leormhaithe a bheith ag an líonra sin, d'fhéadfadh sé tacaíocht agus treoir éifeachtach a chur ar fáil d'údaráis bhreithiúnacha Eorpacha maidir le saincheisteanna ábhartha, mar atá:

– treochtaí agus modhanna oibre grúpaí coireachta eagraithe a shainaithint agus a mhapáil;

– treoirlínte straitéiseacha maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac;

– deiseanna a shainaithint i gcásanna nithiúla chun obair oibríochtúil Eurojust, na bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe agus údarás forfheidhmithe dlí a éascú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir leis na hullmhúcháin is gá chun foireann chomhpháirteach imscrúdaithe a chur ar bun, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus gan cúraimí gníomhaithe eile a dhúbláil;

– impleachtaí an chreata dhlíthiúil éagsúlaithe ar fud na hEorpa agus lasmuigh di.

**<u>Conclúidí ón gComhairle</u>**

**Breithnithe ginearálta maidir le cruthú an líonra**

1. Ba cheart Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe ('an Líonra' anseo feasta) a chur ar bun agus ba cheart dó mol saineolais speisialaithe a chur ar fáil lena dtacófaí le húdaráis bhreithiúnacha i réimse na coireachta eagraithe. Tabharfaidh an Líonra le chéile saineolaithe náisiúnta atá i gceannas ar imscrúduithe coiriúla, go háirithe ionchúisitheoirí agus, más iomchuí i bhfianaise an chomhthéacs náisiúnta, breithiúna imscrúdaitheacha nó oifigigh forfheidhmithe dlí.

2. Chuige sin, éascóidh agus feabhsóidh an Líonra go príomha an comhar idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a bhíonn ag déileáil leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus leis an gcoireacht eagraithe agus ba cheart dó a bheith in ann tairbhe a bhaint as na modhanna arna bhforbairt ag ionstraimí eile de chuid an Aontais, EMPACT, mar shampla. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh an Líonra go ndéanfar acmhainní a chomhthiomsú go héifeachtúil, nach ndéanfar iarrachtaí a dhúbailt agus go n-urramófar na struchtúir agus na hinniúlachtaí atá ann cheana ina n-iomláine, go háirithe in Eurojust, Europol agus EJN.

3. Ba cheart a áirithiú gur féidir leis an Líonra feidhmiú ar bhealach leanúnach, rud a chuirfidh ar a chumas freagairt go tapa do ghníomhaíochtaí athraitheacha grúpaí coireachta eagraithe. Ba cheart an t-eolas agus an saineolas a fhorbróidh an Líonra a bheith inbhuanaithe. Chun an méid sin a bhaint amach, iarrtar ar Eurojust, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, an Líonra a eagrú ag a áitreabh.

**Cúraimí an líonra**

4. I bhfianaise éagsúlacht na ngníomhaíochtaí a dhéanann grúpaí coireachta eagraithe, beidh sainordú leathan ag an Líonra chun aghaidh a thabhairt ar gach gné den chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. I ndáil leis sin, beidh sainordú solúbtha ag an Líonra, rud a chuirfidh ar a chumas fócais shonracha a roghnú dá ghníomhaíochtaí, i gcomhréir le treochtaí agus bagairtí coiriúla atá ag athrú.

5. Mar phríomhfhócas tosaíochta, moltar go ndíreodh an Líonra ar mhoil le haghaidh trádáil neamhdhleathach drugaí, go háirithe calafoirt mhara agus moil lóistíochta a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe chun drugaí neamhdhleathacha a allmhairiú agus a iompar tríd an Aontas.

6. Go háirithe, déanfaidh an Líonra an méid seo a leanas, i ndlúthchomhar le Eurojust agus le gníomhaithe ábhartha eile:

   a) comh-mhalartú saineolais, dea-chleachtas agus eolais agus taithí ábhartha eile a éascú maidir le coireacht eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear cur i bhfeidhm praiticiúil na gcreataí dlíthiúla reatha agus an chásdlí ábhartha agus comhar breithiúnach éifeachtach trasteorann;

   b) faisnéis a chomh-mhalartú faoi fhorbairtí agus treochtaí ginearálta, agus faisnéis neamhphearsanta a chomh-mhalartú, gan dochar do reachtaíocht an Aontais ná don reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, ar féidir í a úsáid i ngníomhaíochtaí oibríochtúla Eurojust agus na n-údarás breithiúnach náisiúnta, go háirithe i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe, agus a d’fhéadfadh cur leis na gníomhaíochtaí sin;

   c) idirphlé a chothú i measc gníomhaithe agus páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil ról acu i gcomhrac na coireachta eagraithe, mar atá Europol, Eurojust agus OIPE, agus na struchtúir agus na hinniúlachtaí atá ann cheana á n-urramú go hiomlán ach gan iarrachtaí a dhúbailt;

   d) feidhmiú mar mhol saineolais speisialaithe;

**Eagrúchán**

7. Áiritheoidh <u>Eurojust</u> go ndéanfar obair an Líonra a ailíniú le hobair Eurojust agus le struchtúir eile agus cuirfidh sé an tacaíocht lóistíochta agus oibríochtúil is gá ar fáil do na cúraimí a leagtar amach i bpointe 6 thuas.

8. Ba cheart don Líonra <u>teacht le chéile go rialta</u> ag brath ar riachtanais na gcomhaltaí, dhá uair sa bhliain i bprionsabal, agus ba cheart do Eurojust na cruinnithe a óstáil. Ba cheart an chéad chruinniú a eagrú mar imeacht píolótach le maoiniú *ad hoc* sa dara leath de 2024. Ba é ab fhearr dá ndíreodh sé ar chomhrac na coireachta eagraithe a bhaineann le drugaí arna n-allmhairiú go neamhdhleathach trí chalafoirt mhara na hEorpa agus trí mhoil lóistíochta eile, ar saincheist an-tráthúil é.

9. Bunóidh an Líonra a chuid oibre ar chlár oibre a dhréachtófar sa chéad ráithe de gach dara bliain i gcomhairle le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais, agus anailísí agus measúnuithe riosca atá ar fáil á gcur san áireamh, tuarascáil Europol maidir le líonraí coiriúla a dhíchódú, mar shampla. Mar sin féin, ba cheart an tsolúbthacht a thabhairt don Líonra sraitheanna eile oibre a shaothrú seachas iad siúd a léirítear sa chlár oibre nuair atá údar leis sin i ngeall ar an gcás.

10. Maidir le <u>hacmhainní a leithdháileadh</u> chun críche an Líonra, ba cheart iad a bheith faoi réir chinneadh na n-údarás buiséadach agus gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo. Agus an méid sin á chur san áireamh aici, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar Eurojust na gnéithe agus na módúlachtaí airgeadais agus praiticiúla eile is gá le haghaidh fheidhmeanna agus chúraimí an Líonra a scrúdú agus a ullmhú ar bhealach tráthúil lena n-urramaítear leithdháileadh na n-acmhainní buiséid agus daonna ar líonraí agus struchtúir atá ann cheana.

11. Trí <u>struchtúr buan um tacaíocht don Líonra</u> a chruthú, is cosúil go sásófaí an géarghá práinneach atá le tacaíocht cháilithe don Líonra. Ba cheart tuilleadh anailíse a dhéanamh mar ábhar tosaíochta ar na dálaí chun an struchtúr tacaíochta sin a chruthú.

12. D'áiritheofaí na sineirgí idir an Líonra agus Eurojust nó idir an Líonra agus líonraí eile i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 dar teideal *Synergies between Eurojust and the networks established by the Council in the area of judicial cooperation in criminal matters* [Sineirgí idir Eurojust agus na gréasáin atá curtha ar bun ag an gComhairle i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla].[5] Ar an gcaoi chéanna, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún sineirge a áirithiú idir na tionscnaimh éagsúla faoin Treochlár, agus go sonrach idir an Líonra seo agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach.

13. Iarrtar ar gach Ballstát, de réir an nós imeachta náisiúnta atá aige, ionadaí náisiúnta amháin ar a laghad a ainmniú, go príomha óna chuid údarás ionchúisimh, ag a mbeidh an saineolas iomchuí chun páirt a ghlacadh sa Ghréasán. Féadfaidh Ballstát breitheamh imscrúdaitheach nó oifigeach forfheidhmithe dlí a ainmniú freisin má fhágann imthosca náisiúnta gurb iomchuí an méid sin.

---

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52019XG0618(01)&from=GA